CEACHT **34**

ROTHAR BRISTE



A. Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. Bí cúramach. Ná rith amch. Féach ar dheis.
Ní **rithfidh** mé. **Féachfaidh** mé.
Féach ar chlé.

B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá

Tháinig Colm abhaile. Bhí a rothar briste. Bhí sé ag caoineadh. Tháinig Daidí amach. "Ná bí ag caoineadh", arsa Daidí. "Bú hú", arsa Colm. "Tá mo rothar briste". Dheisigh Daidí an rothar.
Tá Colm sásta.

C. Cleachtadh

Cé a tháinig abhaile?
Cé a bhí ag caoineadh? Cén fáth?
Céard/Cad a rinne Daidí?
An bhfuil an rothar briste anois?
An bhfuil áthas ar Cholm?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,

m.sh. Bhí sé **ag caoineadh/ag gáire/ag ní/ag caint,** etc.
Tá **an rothar** briste/**an buidéal/an cupán/an fhuinneog,** etc.

D. Leathnú

(a) Amhrán (An ceol ar théip)

I

Ó! Ó! Ó! Ó!
Tá mo rothar briste,
Ó! Ó! Ó! Ó!
Tá mo rothar briste.

II

Bhuel! Bhuel! Bhuel! Bhuel!
Ná bí ag caoineadh,
Bhuel! Bhuel! Bhuel! Bhuel!
Tá do rothar ceart arís.

(b) Comhrá ginearálta nó **scéilín** a chumadh faoi leanbh sa rang agus a rothar.